# Corpoideachas na hArdteistiméireachta

## Treoirlínte maidir leis an Measúnú Feidhmíochta

AN ARDTEISTIMÉIREACHT
Samhain 2018

# An clár ábhar

Réamhrá . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 3

Measúnú Feidhmíochta—30%. . . . . . . . . 4

An físeán Measúnaithe Feidhmíochta a chur i gcrích . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 6

Ról an mhúinteora. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 7

Aguisíní

Aguisín A: Comhairle maidir le físeáin . . . . . . . . . . . . . 9

Aguisín B: Tuairisceoirí cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta sa Ghluaiseacht ealaíonta agus aeistéitiúil . . . . . . . . 10

Aguisín C: Tuairisceoirí cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta i ngníomhaíochtaí Eachtraíochta . . . . . . . . . . . . . . . . . 11

Aguisín D: Tuairisceoirí cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta san Uiscíocht . . . . . . 12

Aguisín E: Tuairisceoirí cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta i gCluichí . . . . . . . . . . 13

Aguisín F: Tuairisceoirí cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta sa Lúthchleasaíocht . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 14

Aguisín G: Tuairisceoirí cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta i nGníomhaíochtaí Aclaíochta agus Corpacmhainne Pearsanta . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 15

# Réamhrá

Tá Measúnú Feidhmíochta san áireamh mar ghné den mheasúnú ar Chorpoideachas na hArdteistiméireachta mar thoradh ar an tsonraíocht agus dlúthbhaint na feidhmíochta sa ghníomhaíocht choirp le foghlaim sa Chorpoideachas. Foghlaimíonn an scoláire faoi na gnéithe a mbíonn tionchar acu ar thaispeántas trína bheith páirteach go gníomhach i dtrí ghníomhaíocht choirp a roghnaítear as trí raon éagsúla den ghníomhaíocht choirp. (Sonraíocht do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, lgh 34-46).

Déanann an scoláire a Mheasúnú Feidhmíochta i gceann de na trí ghníomhaíocht choirp sin. Ba chóir don ghníomhaíocht a roghnaítear don Mheasúnú Feidhmíochta teacht as réimse gníomhaíochta coirp atá éagsúil ón gceann a roghnaítear don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp.

Dá bhrí sin, tá an Measúnú Feidhmíochta ina bhunchuid den fhoghlaim i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta agus tá ceangal díreach aige le haidhm agus le torthaí foghlama na sonraíochta:

> *Is é aidhm Chorpoideachas na hArdteistiméireachta forbairt a dhéanamh ar chumas an fhoghlaimeora corpoideachas agus gníomhaíocht choirp a dhéanamh sa tsraith shinsearach agus ina shaol amach anseo ar bhealach eolach, oilte, féintreoraithe agus smaointeach.* **(Sonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, lch 7)**

Téann an Measúnú Feidhmíochta i ngleic go díreach le torthaí foghlama Shnáithe 1 den tsonraíocht. Dírítear i Snáithe 1, I dtreo taispeántas barrmhaith, ar an idirchaidreamh casta atá idir taispeántas i ngníomhaíocht choirp agus an raon tosca a mhúnlaíonn an taispeántas sin. Cuid lárnach den fhoghlaim i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta is ea an cumas an fhoghlaim faoi ghnéithe teoiriciúla an chorpoideachais a chur i bhfeidhm ar raon gníomhaíochtaí coirp agus na scileanna atá riachtanach chun taispeántas a fheabhsú. Cuirfidh an scoláire an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna sin i bhfeidhm chun a thaispeántas sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe a fheabhsú agus, ar deireadh, tabharfaidh sé faoina Mheasúnú Feidhmíochta sa ghníomhaíocht sin. Déantar an measúnú feidhmíochta a mheas ar leibhéal comónta.

## Measúnú Feidhmíochta—30%

Comhaontóidh an foghlaimeoir, i gcomhairle leis an múinteoir corpoideachais, cén ceann de na trí ghníomhaíocht choirp a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu a dtabharfar faoi don Mheasúnú Feidhmíochta. Roghnaítear na trí ghníomhaíocht choirp sin as sé réimse gníomhaíochta coirp ar leith, a bhfuil breac-chuntas ar na riachtanais ina leith tugtha i gCuid 6 den tsonraíocht do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta (lgh 34-46). Dearadh na trí chás Measúnaithe Feidhmíochta a bhfuil breac-chuntas orthu thíos chun na difríochtaí sin a léiriú agus chun soiléiriú a thabhairt ar an méid is cóir a bheith san fhíseán den taispeántas a chuirfear ar aghaidh mar fhianaise i gcomhair marcála ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

**Cás 1:** Déanann an foghlaimeoir an Measúnú Feidhmíochta i ngníomhaíocht as ceann de na réimsí gníomhaíochta coirp seo a leanas—Cluichí, Uiscíocht, Gníomhaíochtaí eachtraíochta nó Lúthchleasaíocht.

Déanann an foghlaimeoir, i gcomhairle leis an múinteoir, pleanáil ar an tslí a bhféadfaidh an foghlaimeoir an taispeántas is fearr a léiriú agus comhthéacsanna feidhmíochta éagsúla a úsáid, e.g. go hiomlán iomaíoch; cleachtais mhúnlaithe; taispeántais i ngrúpaí. Ba chóir fianaise ar an méid seo a leanas a bheith san fhíseán:

- scileanna agus teicnící mar ar tugadh breac-chuntas orthu don ghníomhaíocht choirp roghnaithe sa tsonraíocht
- beartaíocht agus/nó straitéisí
- feasacht ar shábháilteacht—ceisteanna sábháilteachta maidir le fáil ar threalamh, roghnú agus úsáid trealaimh; cloí leis na rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais ábhartha i suíomh traenála corpacmhainne.

Cuirfidh an foghlaimeoir an físeán i láthair agus inseoidh faoi na saintréithe taispeántais áirithe ar mian leis aird a tharraingt orthu.

**Cás 2:** Déanann an foghlaimeoir an Measúnú Feidhmíochta i ngníomhaíocht ón réimse gníomhaíochta coirp—Gluaiseacht ealaíonta agus aeistéitiúil.

Déanann an foghlaimeoir, i gcomhairle leis an múinteoir, pleanáil ar an tslí a bhféadfaidh an foghlaimeoir an taispeántas is fearr a léiriú in dhá cheann de na comhthéacsanna taispeántais a leanas,  taispeántais aonair/beirte/grúpa. Ba chóir fianaise ar an méid seo a leanas a bheith san fhíseán:

- inniúlacht i meascáin shamhlaíocha scileanna agus teicnící i stíl iomchuí an imeachta gleacaíochta

**nó**

- inniúlacht i meascáin shamhlaíocha gluaiseachtaí a léiríonn inniúlacht theicniúil i stíl iomchuí an imeachta damhsa
- dearadh cóiréagrafach agus/nó dearadh cóiréagrafach agus frapaí agus/nó feistis a úsáid nuair is cuí
- cruthaitheacht
- feasacht ar shábháilteacht—ceisteanna sábháilteachta maidir le fáil ar threalamh, rogha agus úsáid trealaimh; cloí leis na rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais ábhartha.

Cuirfidh an foghlaimeoir an físeán i láthair agus inseoidh faoi na saintréithe taispeántais áirithe ar mian leis aird a tharraingt orthu.

**Cás 3:** Déanann an foghlaimeoir an Measúnú Feidhmíochta i ngníomhaíocht ón réimse gníomhaíochta coirp—Aclaíocht agus corpacmhainn phearsanta.

Sa chás seo, iarrtar ar an bhfoghlaimeoir clár aclaíochta agus corpacmhainne pearsanta a léiriú atá deartha chun cur le ceann de na nithe seo a leanas:

1. Corpacmhainn fhisiceach a bhaineann le taispeántas i ngníomhaíocht choirp.
2. Corpacmhainn fhisiceach a bhaineann leis an tsláinte.

Ina chlár aclaíochta agus corpacmhainne pearsanta roghnaithe, iarrfar ar an bhfoghlaimeoir modh amháin de thraenáil aeróbach agus gníomhaíocht chleachtaidh agus friotaíochta amháin eile a roghnú (Sonraíocht do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, lgh 44-45). Beifear ag súil go gcuirfidh an foghlaimeoir na rudaí seo a leanas i bhfeidhm leis an dá mhodh roghnaithe:

- prionsabail na traenála
- criosanna traenála
- tairseacha
- eatraimh oibre-ceartaithe
- téamh suas agus fuarú

Sa chás go roghnaíonn an foghlaimeoir clár aclaíochta agus corpacmhainne pearsanta a dearadh chun feabhas a chur ar thaispeántas i ngníomhaíocht choip a léiriú, ba chóir do na gníomhaíochtaí a roghnaítear feabhas a chur ar an taispeántas i roinnt de na réimsí seo a leanas nó iontu go léir, ag brath ar riachtanais na gníomhaíochta:

- luas
- lúfaireacht
- comhordú
- cumhacht
- aga freagartha
- cothromaíocht.

Sa chás go roghnaíonn an foghlaimeoir clár corpacmhainne a bhaineann le sláinte a thaispeáint, ba chóir go mbeadh gníomhaíochtaí a dearadh chun feabhas a chur ar an taispeántas i ngach ceann de na réimsí seo a leanas:

- fulangacht chardashoithíoch
- fulangacht mhatánach
- neart
- solúbthacht
- comhdhéanamh an choirp.

Ba chóir fianaise ar an méid seo a leanas a bheith san fhíseán den chlár:

- Téamh suas, lena n-áirítear na gnéithe riachtanacha de théamh suas.
- Píosa forbartha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun cur le gach gné den chorpacmhainn a bhaineann le sláinte nó le taispeántas. Fianaise go dtuigtear prionsabail na traenála; criosanna traenála; tairseacha. Ba chóir eatraimh oibre-ceartaithe a chur san áireamh.
- Ba chóir go mbeadh forchéimniú agus oiriúnú san áireamh i ngach gníomhaíocht a d'fhéadfaí a úsáid chun torthaí a fheabhsú de réir mar a dhéantar dul chun cinn ginearálta. Beifear ag súil le forchéimniú agus oiriúnuithe éagsúla sa chomhthéacs seo. D'fhéadfaí formáid ciorcaid a áireamh sa phíosa forbartha.
- Fuarú, lena n-áirítear na gnéithe riachtanacha den fhuarú.

Ba chóir go dtaispeánfaí san fhíseán feasacht ar shábháilteacht—e.g. trealamh a roghnú agus a úsáid go sábháilte; cloí leis na rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais ábhartha i suíomh traenála corpacmhainne.

Cuirfidh an foghlaimeoir an físeán i láthair agus inseoidh faoi na saintréithe taispeántais áirithe ar mian leis aird a tharraingt orthu.

## An físeán Measúnaithe Feidhmíochta a chur i gcrích

Gabhtar an Measúnú Feidhmíochta in imeacht ama sa rang corpoideachais, faoi mhaoirseacht an mhúinteora corpoideachais, idir mí Eanáir agus mí an Mhárta sa séú bliain. Beidh tuairim is 10 n-uair an chloig oibre ón scoláire de dhíth, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a dtugtar fúthu sa rang.

Tá sraith píosaí físeáin agus/nó grianghraif i gceist leis an Measúnú Feidhmíochta. Samhlaítear go mbainfidh an foghlaimeoir úsáid as an teicneolaíocht dhigiteach chun tacú lena fhoghlaim ar feadh dhá bhliain an chúrsa, Corpoideachas na hArdteistiméireachta. Tabharfaidh sé sin deis dó an Measúnú Feidhmíochta a thabhairt chun críche go neamhspleách, i bhformáid dhigiteach, le tacaíocht óna mhúinteoir agus óna phiaraí. Ba chóir go mbeadh an físeán sách fada leis an taispeántas is fearr ón bhfoghlaimeoir i rith na tréimhse measúnaithe a thaispeáint.

Agus íomhánna den taispeántas á nglacadh i bhfoirm físe nó grianghraif agus iad in úsáid ina dhiaidh sin chun ábhar a ullmhú don Mheasúnú Feidhmíochta, ní mór cloí go hiomlán leis na riachtanais uile a bhaineann le Beartas Úsáide Inghlactha na scoile, le prótacail chosanta sonraí agus leis an RGCS. Ba chóir é a chur i gcrích freisin i gcomhréir leis na rialacháin arna leagan síos ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Déantar eagarthóireacht ar an bhfíseán agus déantar é a fhoilsiú sa scoil faoi mhaoirseacht an mhúinteora corpoideachais agus beidh sé faoi réir ag prótacail Bheartas Úsáide Inghlactha na scoile ina dtugtar breac-chuntas ar úsáid eiticiúil agus fhreagrach a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach.

Deireadh mhí an Mhárta i mbliain na hArdteistiméireachta is ea an spriocdháta chun an Measúnú Feidhmíochta a chur isteach (socróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an dáta beacht trí chiorclán). Cuirfidh an foghlaimeoir a fhíseán Measúnaithe Feidhmíochta i dtoll a chéile agus cuirfidh sé ar aghaidh é de réir na riachtanas arna sonrú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Ba chóir don scoil

cóipeanna cúltaca a dhéanamh de na Measúnuithe Feidhmíochta ar chóras stórála criptithe slán go dtí go mbeidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit sásta go bhfuil na Measúnuithe Feidhmíochta faighte agus go bhfuil teacht orthu. Ciallaíonn sé sin go gcaithfear ábhar a choimeád go dtí go mbeidh an próiseas scrúdaithe críochnaithe, i.e. go dtí go mbeidh an próiseas achomharc thart.

Eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit faisnéis mhionsonraithe ar struchtúr, formáid, agus fad na comhpháirte digití sin chomh maith le coinníollacha gaolmhara chun í a thabhairt chun críche agus a fhíordheimhniú. Cuirfear mionsonraí ar fáil maidir le beartas Choimisiún na Scrúduithe Stáit maidir le hábhar a chuirfear isteach a choimeád agus a úsáid chun críocha measúnaithe agus maidir leis an leagan síos caighdeán agus an oiliúint do scrúdaitheoirí a théann leis sin, i gcomhlíonadh leis an RGCS.

## Ról an mhúinteora

Tá ról tábhachtach ag an múinteoir maidir leis an físeán Measúnaithe Feidhmíochta ó thaobh tacaíochta agus maoirseachta de. San áireamh sa ról tá tacú leis an bhfoghlaimeoir chun an Measúnú Feidhmíochta a thabhairt chun críche, ag cinntiú go bhfuil an foghlaimeoir ag cloí go hiomlán le riachtanais na sonraíochta agus na rialachán a bhaineann leis an measúnú atá leagtha síos ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Go sonrach, ní mór don mhúinteoir:

- Bheith cleachtach ar an méid atá de dhíth don Mheasúnú Feidhmíochta. Tá treoir maidir le tuairisceoirí cáilíochta in Aguisíní B-G. Agus pleanáil á déanamh don teagasc agus don fhoghlaim i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta, tabhair deiseanna leanúnacha don fhoghlaimeoir a thaispeántas sna trí ghníomhaíocht choirp roghnaithe a ghabháil agus machnamh a dhéanamh ar an tslí a bhféadfaí iad a fheabhsú. Is féidir úsáid a bhaint as foghlaim i snáithe 1 den tsonraíocht chun feabhsú taispeántais a phleanáil.
- Tacú leis an bhfoghlaimeoir leis an gceann de na trí ghníomhaíocht a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta a roghnú chun díriú air dá Mheasúnú Feidhmíochta.
- Comhairle a chur ar an bhfoghlaimeoir maidir leis na comhthéacsanna feidhmíochta éagsúla, a bhfuil breac-chuntas orthu i gCásanna 1, 2 agus 3 thuas, nach mór dó a chur san áireamh agus é ag pleanáil lena thaispeántas is fearr a léiriú.
- Smaointeoireacht chriticiúil an fhoghlaimeora i leith an Mheasúnaithe Feidhmíochta a spreagadh. Mar shampla, d'fhéadfaí na spreagthaí seo a leanas a úsáid: Cad iad na scileanna agus na teicnící a bhfuil tú ag pleanáil a léiriú? Conas is féidir leat iad a thaispeáint ar an mbealach is fearr is féidir? An léiríonn an físeán Measúnaithe Feidhmíochta do chumas maidir le do thaispeántas a oiriúnú mar fhreagairt ar chásanna taispeántais difriúla? An léir ón bhfíseán go dtuigeann tú na rialacha, na rialacháin agus/nó na coinbhinsiúin maidir leis an ngníomhaíocht roghnaithe agus go gcloíonn tú leo? An gcloíonn tú leis na réamhchúraimí sábháilteachta is gá don ghníomhaíocht? An bhfuil fianaise ar eolas comhdhéanaimh ann?
- Tacú leis an bhfoghlaimeoir ó thaobh úsáid éifeachtach agus éifeachtúil a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach chun a Mheasúnú Feidhmíochta a ghabháil. Foghlaimeoirí a spreagadh chun tacú lena chéile agus a Measúnuithe Feidhmíochta faoi seach á gcruthú.

- Coimisiún na Scrúduithe Stáit a chur ar an eolas maidir leis na gníomhaíochtaí coirp a mbeidh foghlaimeoirí ag tabhairt fúthu ina Measúnú Feidhmíochta, faoi dháta forordaithe i mí Mheán Fómhair sa séú bliain.
- A chinntiú gur féidir an foghlaimeoir a aithint go soiléir agus é i mbun taispeántais i gcomhthéacs grúpa. Is féidir sin a bhaint amach ach veist 'shofheicthe' nó 'líonpheile' nó éide idirdhealaithe a úsáid, ag brath ar chomhthéacs an taispeántais.
- A chinntiú go bhfuil foghlaimeoirí cleachtach ar bheartas cosanta sonraí agus ar Bheartas Úsáide Inghlactha na scoile agus gur chomhaontaigh siad go sonrach cloí leo.
- A chinntiú go ndéantar eagarthóireacht ar an bhfíseán agus go bhfoilsítear é i suíomh na scoile, faoi mhonatóireacht an mhúinteora, chun fíordheimhniú an fhíseáin mar shaothar an fhoghlaimeora féin a éascú. Beidh an próiseas iomlán maidir leis an Measúnú Feidhmíochta a thabhairt chun críche faoi réir ag na prótacail a dtugtar breac-chuntas orthu i mBeartas Úsáide Inghlactha na scoile, ina mBeartas Cosanta Sonraí agus sa RGCS.
- A chinntiú go ndéantar íomhánna a uaslódáil ar chóras stórála criptithe slán na scoile chomh luath agus is féidir i ndiaidh an taifeadadh a chur i gcrích agus go ndéantar iad a scriosadh ón ngléas taifeadta chomh luath is a dhéantar cóipeanna cúltaca.
- Comhairle agus tacaíocht a sholáthar don scoláire lena chinntiú go gcloífear leis na dianriachtanais maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chríochnú an tionscadail, le gur féidir an tionscadal a fhíordheimhniú mar shaothar an fhoghlaimeora agus sin amháin, fíordheimhniú riachtanach de réir rialacháin Choimisiún na Scrúduithe Stáit maidir le hobair chúrsa.
- Maoirseacht a dhéanamh ar an obair i gcomhréir leis an treoir a chuirtear ar fáil.

Caithfidh an méid maoirseachta a dhéanfaidh an múinteoir fíordheimhniú an tsaothair mar shaothar an scoláire aonair féin a chumasú agus sonróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

# Aguisín A: Comhairle maidir le físeáin

Ní mór na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint:

- Ba chóir litir ina dtugtar breac-chuntas ar an bpróiseas Measúnú Feidhmíochta a eisiúint chuig foghlaimeoirí agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí de réir mar is cuí.
- Sa chás go bhfuil foghlaimeoirí eile sna taifeadtaí, mar shampla, i gcluichí foirne, is ceart an líon daoine i gceist a choimeád chomh híseal agus is féidir.
- Ba cheart gurb é an foghlaimeoir féin an príomh-ábhar sa taifeadadh agus ba cheart dó a bheith le feiceáil go soiléir.
- Ba chóir na físeáin agus na grianghraif a bhailítear a uaslódáil ar shaoráid stórála criptithe slán na scoile chomh luath agus is féidir i ndiaidh na seisiún agus iad a scriosadh ón ngléas taifeadta chomh luath is a dhéantar cóipeanna cúltaca.
- Ginfidh foghlaimeoirí a Measúnú Feidhmíochta faoi mhaoirseacht an mhúinteora le linn am ranga.
- Ní mór an obair uile i ndáil leis an Measúnú Feidhmíochta a chur i gcrích i gcomhréir leis na rialacháin uile atá leagtha síos ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
- Beidh an próiseas iomlán maidir leis an Measúnú Feidhmíochta a thabhairt chun críche faoi réir ag prótacail Bheartas Úsáide Inghlactha na scoile ina dtugtar breac-chuntas ar úsáid shlán, eiticiúil agus fhreagrach a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach sa scoil agus faoi réir ag na prótacail chosanta sonraí uile, lena n-áirítear an RGCS.

# Aguisín B: Tuairisceoirí cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta sa Ghluaiseacht ealaíonta agus aeistéitiúil

| TUAIRISCEOIRÍ CÁILÍOCHTA: TAISPEÁNTAS PEARSANTA SA GHLUAISEACHT EALAÍONTA AGUS AEISTÉITIÚIL<br>Taispeántas damhsa aonair agus/nó grúpa / taispeántas deiridh de shraitheanna gearra gleacaíochta | |
|---|---|
| **Leibhéal ard** | Is saintréith de leibhéal ard gnóthachtála é stór taispeántais fairsing. Léiríonn an foghlaimeoir réimse leathan scileanna agus teicnící ar chaighdeán an-ard go leanúnach sa taispeántas, agus tugann taispeántas ar leibhéal inniúlachta, cruinnis, smachta agus líofachta den scoth. Léiríonn cáilíocht ard an taispeántais leibhéal cruthaitheachta den scoth. Tá fianaise ar eolas cóiréagrafach/comhdhéanaimh chun tosaigh i dtaispeántas an fhoghlaimeora agus baintear úsáid as chun tionchar dearfach a imirt ar an taispeántas. Léiríonn an foghlaimeoir tuiscint chuimsitheach ar rialacha/rialacháin/coinbhinsiúin/cóid chleachtais na gníomhaíochta coirp roghnaithe agus cuireann i bhfeidhm iad. Aithníonn an foghlaimeoir an tábhacht a bhaineann leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht agus cloíonn leo chuig leibhéal an-ard. |
| **Leibhéal measartha** | Is saintréith de leibhéal measartha gnóthachtála é stór taispeántais inghlactha. Léiríonn an foghlaimeoir réimse scileanna agus teicnící ar chaighdeán sásúil go leanúnach sa ghníomhaíocht roghnaithe, agus tugann taispeántas ar leibhéal inniúlachta, cruinnis, smachta agus líofachta inghlactha. Léiríonn cáilíocht an taispeántais leibhéal maith cruthaitheachta. Tá fianaise ar eolas cóiréagrafach/comhdhéanaimh le feiceáil i dtaispeántas an fhoghlaimeora agus baintear úsáid as chun tionchar dearfach a imirt ar an taispeántas. Léiríonn an foghlaimeoir tuiscint shásúil ar rialacha/rialacháin/coinbhinsiúin/cóid chleachtais na gníomhaíochta coirp roghnaithe agus cuireann i bhfeidhm iad. Aithníonn an foghlaimeoir an tábhacht a bhaineann leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht agus cloíonn leo ar leibhéal leordhóthanach. |
| **Leibhéal teoranta** | Is saintréith de leibhéal teoranta gnóthachtála é stór taispeántais srianta. Léiríonn an foghlaimeoir réimse teoranta scileanna agus teicnící ar chaighdeán réasúnta sa ghníomhaíocht roghnaithe, agus tugann taispeántas ar leibhéal éigin inniúlachta, cruinnis, smachta agus líofachta. Léiríonn cáilíocht an taispeántais roinnt pointí cruthaitheachta. Bunaítear an taispeántas ar thuiscint bhunúsach ar ghnéithe cóiréagrafacha/comhdhéanaimh na gníomhaíochta roghnaithe. Déanann an foghlaimeoir iarracht éigin na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht roghnaithe a chur i bhfeidhm. |

# Aguisín C: Tuairisceoirí cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta i ngníomhaíochtaí Eachtraíochta

| TUAIRISCEOIRÍ CÁILÍOCHTA: TAISPEÁNTAS PEARSANTA I NGNÍOMHAÍOCHTAÍ EACHTRAÍOCHTA | |
|---|---|
| **Leibhéal ard** | Is saintréith de leibhéal ard gnóthachtála é stór taispeántais fairsing. Léiríonn an foghlaimeoir réimse den scoth de scileanna agus teicnící ar chaighdeán an-ard go leanúnach sa ghníomhaíocht roghnaithe, agus tugann taispeántas ar leibhéal inniúlachta, cruinnis, smachta agus líofachta den scoth. Tugann ardcháilíocht an taispeántais a léirítear deis don fhoghlaimeoir rath a bhaint amach i suíomhanna dúshlánacha éagsúla. Léiríonn an foghlaimeoir scileanna cinnteoireachta as cuimse agus tuiscint chuimsitheach agus cur i bhfeidhm rathúil ar na straitéisí, na scileanna agus na cóid chleachtais don ghníomhaíocht choirp roghnaithe. Aithníonn an foghlaimeoir an tábhacht a bhaineann leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht agus cloíonn leo chuig leibhéal an-ard. |
| **Leibhéal measartha** | Is saintréith de leibhéal measartha gnóthachtála é stór taispeántais inghlactha. Léiríonn an foghlaimeoir réimse scileanna agus teicnící ar chaighdeán sásúil go leanúnach sa ghníomhaíocht roghnaithe, agus tugann taispeántas ar leibhéal maith inniúlachta, cruinnis, smachta agus líofachta. Léiríonn an foghlaimeoir tuiscint réasúnta ar na straitéisí, na scileanna agus na cóid chleachtais don ghníomhaíocht choirp roghnaithe agus úsáideann réimse freagairtí iomchuí ar dhúshláin. Aithníonn an foghlaimeoir an tábhacht a bhaineann leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht agus cloíonn leo ar leibhéal réasúnta. |
| **Leibhéal teoranta** | Is saintréith de leibhéal teoranta gnóthachtála é stór taispeántais srianta. Léiríonn an foghlaimeoir réimse teoranta scileanna agus teicnící ar chaighdeán bunúsach sa ghníomhaíocht roghnaithe, chomh maith le fianaise éigin ar chruinneas/smacht/líofacht. Úsáideann an foghlaimeoir réimse cúng freagairtí ar dhúshláin agus léiríonn tuiscint bhunúsach ar na straitéisí, na scileanna agus na cóid chleachtais don ghníomhaíocht choirp roghnaithe. Déanann an foghlaimeoir iarracht éigin na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht roghnaithe a chur i bhfeidhm. |

# Aguisín D: Tuairisceoirí cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta san Uiscíocht

| TUAIRISCEOIRÍ CÁILÍOCHTA: TAISPEÁNTAS PEARSANTA SAN UISCÍOCHT | |
|---|---|
| **Leibhéal ard** | Léiríonn an foghlaimeoir leibhéal scile agus teicnící as cuimse go leanúnach le linn an taispeántais, a chuirtear i gcrích ar leibhéil arda cruinnis/smachta/líofachta. Tugann sé sin deis don fhoghlaimeoir rath a bhaint amach i suíomhanna éagsúla agus é faoi bhrú. Tá fianaise ar eolas beartaíochta agus straitéise chun tosaigh le linn thaispeántas an fhoghlaimeora agus baintear úsáid astu, nuair is cuí, chun tionchar dearfach a imirt ar an toradh. Léiríonn an foghlaimeoir tuiscint chuimsitheach ar rialacha/rialacháin, agus cóid chleachtais na gníomhaíochta uiscíochta roghnaithe agus cuireann i bhfeidhm iad. Aithníonn an foghlaimeoir an tábhacht a bhaineann leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht agus cloíonn leo chuig leibhéal an-ard. |
| **Leibhéal measartha** | Léiríonn an foghlaimeoir leibhéal scile agus teicnící inghlactha le linn an taispeántais, a chuirtear i gcrích ar leibhéil inghlactha cruinnis/smachta/líofachta. Tugann sé sin deis don fhoghlaimeoir rath réasúnta a bhaint amach i suíomhanna éagsúla agus é faoi bhrú. Tá fianaise ar eolas beartaíochta agus straitéise le feiceáil, nuair is cuí, le linn thaispeántas an fhoghlaimeora agus baintear úsáid astu chun tionchar dearfach a imirt ar an toradh. Léiríonn an foghlaimeoir tuiscint réasúnta ar rialacha, rialacháin, inniúlachtaí teicniúla agus cóid chleachtais na gníomhaíochta uiscíochta roghnaithe agus cuireann i bhfeidhm iad. Aithníonn an foghlaimeoir an tábhacht a bhaineann leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht agus cloíonn leo ar leibhéal inghlactha. |
| **Leibhéal teoranta** | Léiríonn an foghlaimeoir leibhéal teoranta scile agus teicnící le linn an taispeántais, lena n-áirítear gnéithe cruinnis/smachta/líofachta anois is arís. Tugann sé sin deis don fhoghlaimeoir rath teoranta a bhaint amach i suíomhanna éagsúla agus é faoi bhrú. Tá fianaise éigin ar eolas beartaíochta agus straitéise i dtaispeántas an fhoghlaimeora, nuair is cuí, agus baintear úsáid astu chun tionchar a imirt ar an toradh, agus baineann sé rath amach anois is arís. Léiríonn an foghlaimeoir tuiscint éigin ar rialacha, rialacháin, agus cóid chleachtais na gníomhaíochta uiscíochta roghnaithe agus cuireann i bhfeidhm iad. Déanann an foghlaimeoir iarracht éigin na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht roghnaithe a chur i bhfeidhm. |

# Aguisín E: Tuairisceoirí cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta i gCluichí

| TUAIRISCEOIRÍ CÁILÍOCHTA: TAISPEÁNTAS PEARSANTA I GCLUICHÍ | |
|---|---|
| **Leibhéal ard** | Is saintréith de leibhéal ard gnóthachtála é stór taispeántais fairsing. Léiríonn an foghlaimeoir réimse den scoth de scileanna agus teicnící ar chaighdeán an-ard go leanúnach sa ghníomhaíocht roghnaithe, lena n-áirítear úsáid a bhaint as taobh neamhcheannasach an choirp, chomh maith leis an taobh ceannasach, de réir mar is cuí. Tugann ardcháilíocht an taispeántais a léirítear deis don fhoghlaimeoir rath a bhaint amach i suíomhanna éagsúla agus é faoi bhrú. Tá leibhéal ard cruthaitheachta san áireamh sa taispeántas sna freagairtí a thugtar ar chomhthéacsanna feidhmíochta éagsúla agus léirítear tuiscint chuimsitheach ar rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais na gníomhaíochta coirp roghnaithe agus cuireann i bhfeidhm iad. Tá fianaise ar eolas beartaíochta agus straitéise chun tosaigh i dtaispeántas an fhoghlaimeora agus baintear úsáid astu chun tionchar dearfach a imirt ar an toradh. Aithníonn an foghlaimeoir an tábhacht a bhaineann leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht agus cloíonn leo chuig leibhéal an-ard. |
| **Leibhéal measartha** | Is saintréith de leibhéal inghlactha gnóthachtála é stór taispeántais maith. Léiríonn an foghlaimeoir réimse scileanna agus teicnící an-ard go leanúnach sa ghníomhaíocht roghnaithe, lena n-áirítear úsáid a bhaint as taobh neamhcheannasach an choirp, chomh maith leis an taobh ceannasach, de réir mar is cuí. Tugtar deis don fhoghlaimeoir rath a bhaint amach mar thoradh ar úsáid éifeachtach a bhaint as an mbeartaíocht agus as na straitéisí a léirítear. Léiríonn an foghlaimeoir tuiscint shásúil ar rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais na gníomhaíochta coirp roghnaithe. Léiríonn an foghlaimeoir tuiscint réasúnta ar na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht agus cloíonn leo ar leibhéal inghlactha. |
| **Leibhéal teoranta** | Is saintréith de leibhéal teoranta gnóthachtála é stór taispeántais cúng. Léiríonn an foghlaimeoir pointí leanúnachais i gcur i gcrích agus i gcruinneas roinnt de na scileanna agus teicnící sa ghníomhaíocht roghnaithe. Taispeánann an foghlaimeoir tuiscint bhunúsach ar rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais na gníomhaíochta coirp roghnaithe. Tá roinnt eolais beartaíochta agus straitéise le brath i dtaispeántas an fhoghlaimeora agus tugann sin deis don fhoghlaimeoir rath a bhaint amach anois is arís. Déanann an foghlaimeoir iarracht éigin na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht roghnaithe a chur i bhfeidhm. |

# Aguisín F: Tuairisceoirí cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta sa Lúthchleasaíocht

| TUAIRISCEOIRÍ CÁILÍOCHTA: TAISPEÁNTAS PEARSANTA SA LÚTHCHLEASAÍOCHT | |
|---|---|
| **Leibhéal ard** | Léiríonn an foghlaimeoir na scileanna agus teicnící ar chaighdeán an-ard go leanúnach sa ghníomhaíocht roghnaithe, agus tugann taispeántas ar leibhéal inniúlachta, cruinnis, smachta agus líofachta den scoth. Tugann ardcháilíocht an taispeántais a léirítear deis don fhoghlaimeoir rath a bhaint amach i suíomhanna dúshlánacha éagsúla. Tá fianaise ar eolas beartaíochta agus straitéise chun tosaigh i dtaispeántas an fhoghlaimeora agus baintear úsáid an-éifeachtach astu chun tionchar dearfach a imirt ar an toradh. Léiríonn an foghlaimeoir tuiscint chuimsitheach ar rialacha agus rialacháin na gníomhaíochta coirp roghnaithe agus cuireann i bhfeidhm iad. Aithníonn an foghlaimeoir an tábhacht a bhaineann leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht agus cloíonn leo chuig leibhéal an-ard. |
| **Leibhéal measartha** | Léiríonn an foghlaimeoir na scileanna agus teicnící ar chaighdeán sásúil sa ghníomhaíocht roghnaithe, agus tugann taispeántas ar leibhéal inghlactha inniúlachta, cruinnis, smachta agus líofachta. Tugann cáilíocht an taispeántais a léirítear deis don fhoghlaimeoir rath a bhaint amach i suíomhanna dúshlánacha éagsúla. Tá fianaise ar eolas beartaíochta agus straitéise i láthair i dtaispeántas an fhoghlaimeora agus baintear úsáid astu, chuig pointe ratha áirithe, chun tionchar dearfach a imirt ar an toradh. Aithníonn an foghlaimeoir an tábhacht a bhaineann leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht agus cloíonn leo ar leibhéal inghlactha. |
| **Leibhéal teoranta** | Léiríonn an foghlaimeoir na scileanna agus teicnící ar chaighdeán bunúsach sa ghníomhaíocht roghnaithe. Tá an réimse beartaíochta agus straitéisí a úsáidtear teoranta. Ní thugann cáilíocht an taispeántais a léirítear ach deis don fhoghlaimeoir chun rath teoranta a bhaint amach, mar sin. Déanann an foghlaimeoir iarracht éigin na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht roghnaithe a chur i bhfeidhm. |

# Aguisín G: Tuairisceoirí cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta i nGníomhaíochtaí Aclaíochta agus Corpacmhainne Pearsanta

| TUAIRISCEOIRÍ CÁILÍOCHTA: TAISPEÁNTAS PEARSANTA I NGNÍOMHAÍOCHTAÍ ACLAÍOCHTA AGUS CORPACMHAINNE PEARSANTA | |
|---|---|
| **Leibhéal ard** | Roghnaigh an foghlaimeoir sraith den scoth gníomhaíochtaí corpacmhainne fisicí a bhaineann le taispeántas nó sláinte, lena n-áirítear éagsúlacht mhór oiriúnuithe agus forchéimnithe a dearadh chun cur le corpacmhainn. Léiríonn an foghlaimeoir na scileanna agus teicnící ar chaighdeán an-ard go leanúnach sna gníomhaíochtaí roghnaithe a bhaineann le taispeántas nó sláinte, agus tugann taispeántas ar leibhéal smachta agus líofachta den scoth. Léiríonn an foghlaimeoir cur i bhfeidhm den scoth maidir leis na tosca traenála riachtanacha atá le meas. Léiríonn an foghlaimeoir tuiscint chuimsitheach ar rialacha, rialacháin, agus cóid chleachtais ábhartha i suíomh traenála corpacmhainne agus cuireann i bhfeidhm iad. Aithníonn an foghlaimeoir an tábhacht a bhaineann leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht agus cloíonn leo chuig leibhéal an-ard. |
| **Leibhéal measartha** | Roghnaigh an foghlaimeoir sraith gníomhaíochtaí corpacmhainne fisicí a bhaineann le taispeántas nó sláinte, lena n-áirítear éagsúlacht oiriúnuithe agus forchéimnithe a dearadh chun cur le corpacmhainn. Léiríonn an foghlaimeoir na scileanna agus teicnící ar chaighdeán réasúnta sna gníomhaíochtaí roghnaithe a bhaineann le taispeántas nó sláinte. Léiríonn an foghlaimeoir cur i bhfeidhm sásúil maidir leis na tosca traenála riachtanacha atá le meas. Léiríonn an foghlaimeoir tuiscint inghlactha ar rialacha, rialacháin, agus cóid chleachtais ábhartha i suíomh traenála corpacmhainne agus cuireann i bhfeidhm iad. Aithníonn an foghlaimeoir an tábhacht a bhaineann leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht agus cloíonn leo ar leibhéal iomchuí. |
| **Leibhéal teoranta** | Roghnaigh an foghlaimeoir réimse cúng gníomhaíochtaí corpacmhainne fisicí a bhaineann le taispeántas nó sláinte, lena n-áirítear oiriúnú agus forchéimniú bunúsach a dearadh chun cur le corpacmhainn. Léiríonn an foghlaimeoir na scileanna agus teicnící ar chaighdeán réasúnta sna gníomhaíochtaí roghnaithe a bhaineann le taispeántas nó sláinte. Léiríonn an foghlaimeoir cur i bhfeidhm teoranta maidir le roinnt de na tosca traenála riachtanacha atá le meas. Léiríonn an foghlaimeoir tuiscint theoranta ar rialacha, rialacháin, agus cóid chleachtais ábhartha i suíomh traenála corpacmhainne agus cuireann i bhfeidhm iad. Déanann an foghlaimeoir iarracht éigin na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth don ghníomhaíocht roghnaithe a chur i bhfeidhm. |

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

© 2017 Rialtas na hÉireann

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS